

T. Ó Máille Teo.

Ros Muc 091-574101

Grósaer

Crua-earraí

Soláthraí Tógálaithe

Éadathóireacht



Gach rath ar obair Phléaráca ar feadh na bliana

Bank of Ireland



CALOR Gas

post



Eagarfhocal

Seo é an 24ú eagrán d'iris Pléaráca, agus mar sin an 24ú bliain ag Féile Phléaráca Chonamara. Nuair a cuireadh tús leis an bhFéile in 1991, tharla sé de bharr turascáil a réitigh Breandán Ó hEithir do Bhord na Gaeilge a dúirt go mbeadh an Ghaeilge ag saothrú an bháis agus go mbeadh deireadh léi mar theanga taobh istigh de dheich mbliana. Níor aontaigh chuile dhuine leis an chaint éadóchasach sin agus tháinig grúpa le chéile chun a mhalairt a thaispeáint. Reáchtáladh an chéad Féile Phléaráca Chonamara mar cheiliúradh, ag cruthú go raibh teanga agus cultúr Ghaeltacht Chonamara beo beathaíoch. Tá a fhios againn anois cé bhí ceart faoi thodhchaí na Gaeilge agus é le cois scór bliana ó tuaradh bás na teanga. Ní chiallaíonn sin áfach, go bhfuil an Ghaeilge gan dushláin. Tuigtear go bhfuil todhchaí na Gaeilge mar theanga bheo idir dhá cheann na meá. Tuigtear go bhfuil gá fós do mhuintir na Gaeltachta a bheith gníomhach ó thaobh cothú agus cur chun cinn na Gaeilge. I mbliana chonaiceamar spiorad gníomhaíochas pobal na Gaeilge á mhúscaill arís le Lá Mór na Gaeilge agus an feachtas Dearg le Fearg a tharraing pobal na Gaeilge as chuile cheard den tír amach ar na sráideanna ag éileamh cothram na féinne don teanga.

Tá sé spéisiúil ag léamh siar ar seaneagrán den iris go bhfuil todhchaí na Gaeilge á plé i gcuid mhaith agus na bagairtí céanna ann ón gcéad bhliain sin. Feictear na téamaí céanna ag teacht chun cinn go minic. Todhchaí na Gaeilge agus na Gaeltachta. Imirice. An tábhacht atá leis an aos óg. Meanma an phobail. San eagrán seo caitear súil siar ar altanna a scríobhadh d'irisí sna 1990í faoi Túr Martello, nó an Battery mar a thugtar ar go háitiúil i Ros an Mhíl; Tigh Pheadair Mhóir a bhéas mar ionad do sheoladh féile na bliana seo agus agallamh a déanadh le Bob Quinn in 1995.

Ach ní breathnú siar uilig atá ann. Tá agallamh nua le Bob Quinn chomh maith, fear a bhfuil stair fada aige le Pléaráca. Is iomaí grianghraf a ghlac sé sna blianta siar ag ócáidí na féile agus i

mbliana beidh taispeántas nua dhá chuid le feiceáil. Is cnuasach grianghraif de mhuintir Ros an Mhíl a bhéas sa dtaispeántas 'Muintir an Bhaile'. Tá cruthaitheacht na n-óg le feiceáil sna píosaí filíochta agus gearrscéalta ó dhaltaí a bhí páirteach i gCiorcal Scríbhneoireachta Phléaráca i rith na bliana. Má tá aon chruthúnas ag teastáil go bhfuil an Ghaeilge beo, is fiú na scéalta agus dánta a bhíonn scríofa ag daltaí an Chiorcail a léamh. Cuireann alt ó Thuismitheoirí na Gaeltachta in iúl chomh maith an tábhacht atá le haos óg na Gaeltachta.

In 2013 scor Gearóid Ó Murchú óna ról le Coiste Phléaráca tar éis os cionn scór bliain a chaitheamh mar bhall ghníomhach. Ní hamháin ar an bpríomh choiste ach ar na fo-choistí chomh maith. Mar chuid de na dualgais a ghlac Gearóid air féin agus é ar an gcoiste bhí: bheith ina fhear an tí, ceoltóir, teicneoir fuaime agus "fear na hoodies", agus is minic a dúradh "má tá aon cheist - glaoigh ar Ghearóid". Gan dabht, is caillteanas an saineolas a thug Gearóid chuig an gcoiste, ach níl sé ró-fhada uainn fós má bhíonn ceist (cibé cén fhad a choinníonn sé ag freagairt ár nglaoch!).

Cuimhníonn muid, ar Mháire Bn. Uí Chonaola, nó Mary Kelly mar a thugtaí uirthi, a chaith blianta fada ar choiste Phléaráca agus a bhásaigh anuraidh. Pearsa láidir a bhí gníomhach ar son an phobail ar feadh a saoil a bhí i Mary. Tá a gcuid cuimhní cinn agus scéalta féin faoi Mhary ag gach duine a raibh baint acu le Pléaráca tríd na blianta agus is fíor le rá nach mbeidh a leithéid arís ann.

Tá Pléaráca Chonamara ceithre bliana fichead ar an saol. Tá athruithe tagtha ar agus tuilleadh le theacht chun déaláil leis na dushláin amach romhainn, ach ar nós an Ghaeilge, ní chiallaíonn athrú deireadh. Go mbainfidh muid ar a laghad ceithre bliana fichead eile amach.